

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie

Miontuairiscí an chruinnithe de Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire a tionóladh ar MS Teams agus ag 1 Geata Thuain, Cearnóg Belgard Thoir, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Cruinniú: 4:30 pm, an 15 Bealtaine 2023

**I láthair:** An Clr Cathal Boland, Clr Charlie O'Connor, Colm Kilgallon, Brendan O'Halloran, Daneve Harris, Claire Markey (Cathaoirleach), Clr John Walsh, Clr Yvonne Collins, Clr Kazi Ahmed, Ken Farrell, Clr Pamela Kearns, Susan Duffy, Clr Siobhan Shovlin, Clr Liam Sinclair, Clr Pamela Kearns, Clr Brigid Manton, Clr Michael Clark.

**Leithscéalta:** Anne Genockey, Clr Kate Ruddock, Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna, Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna.

**As láthair:** Colm Kilgallon, Paul McNally, Brendan O'Halloran.

**I láthair:** Caitriona Murphy, POF; Siobhan Lynch, Stiúrthóir an Bhreisoideachais; Claire Keane, Oifigeach Gnóthaí Poiblí (Gníomhach); Allen Buckley, APO Airgeadais; Ross Lynam, Oifigeach Foirgneamh, Treacy Byrne, Oifigeach Foirgneamh, Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta don Fhoireann Ardbhainistíochta.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

## Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, Claire Markey, an cruinniú i láthair agus chuir sí fáilte roimh chách.

## Comhbhrón

Gabhadh comhbhrón le teaghlaigh uile na mball foirne ar bhásaigh duine muinteartha leo le mí anuas.

### 1. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

### 2. Ábhair le Réiteach ag an mBord

Glacadh le Miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhí ar siúl ar an 27 Márta 2023

**Moltóir: An Clr. Cathal Boland, Tacaicthe: Ken Farrell**

**Ceapacháin Chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta**

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie

Ceapadh an Comhairleoir Liam Sinclair, ar bhord an BOO, **Moltóir: an Clr Cathal Boland, Tacaithe: Clr Charlie O'Connor**

Ceapadh an Comhairleoir Kate Ruddock, ar bhord an BOO, **Moltóir: an Clr Cathal Boland, Tacaithe: Clr Charlie O'Connor**

Ceapadh Ken Farrell, mar ionadaí BOO ar bhord bainistíochta C.P na Sceirí. **Moltóir: Claire Markey, Tacaithe: Colm Kilgallon**

Ceapadh an Comhairleoir Cathal Boland mar ionadaí BOO ar Fhóram Chomhaltaí Cúltaca BOOÉ. **Moltóir: Ken Farrell, Tacaithe: Clr Charlie O'Connor.**

Ceapadh Daneve Harris mar ionadaí BOO ar IPB. **Moltóir: Clare Mackey, Tacaithe: Ken Farrell.**

### 3. **Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord**

Ciorcláin - **Tugtha ar aird**

Coistí an Bhoird – **Tugtha ar Aird**

### 4. **Ábhair arna gcur isteach ag an bhFeidhmeannas**

#### **Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh chuig an mBord Bealtaine 2023**

Iarrimid ar thacaíocht uait do bhallaíocht an Bhoird don bhliain seo chugainn. Tá DOSD nua ceaptha ag BOOÁCDL a thosóidh i mí an Mheithimh 2022. Táimid ag obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Oiliúna agus Fostaíochta maidir le soláthar foirne agus foirgnimh, tá 3 thionscadal scoile tar éis bogadh ar aghaidh go Céim 3 agus tá muid anois sa phróiseas tairisceana agus ag obair go laethúil chun gach ceann eile a chur chun cinn. Chuir an RO in iúl do BOOÁCDL go bhfuil sé i gceist acu scoil nua neamhspleách a sholáthar do Phobalscoil Speisialta Danu chun freastal ar éileamh sa cheantar amach anseo. Tá sé mar aidhm scoil nua 20 seomra ranga a sholáthar le cóiríocht choimhdeach chúí. Tá gach scoil/coláiste/ionad á chur chun cinn ag foireann na bhfoirgneamh. Tá gach Stiúrthóir ag leanúint le bheith ag obair leis an BOOÉ, ar thionscnaimh náisiúnta a threorú i Scoileanna agus sa BOaO. Tabhair do d'aire, le do thoil, go gcaithfidimid bhur gceadú a fháil chun Paddy Lavelle a chur ar iasacht mar Ard-Rúnaí BOOÉ níos déanaí sa chruinniú inniu.

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie

## **Stiúirthóir na Scoileanna**

D'oscail an Taoiseach, Leo Varadkar Coláiste Pobail Choill an Rí go hoifigiúil ar Déardaoin, an 11 Bealtaine, ócáid iontach a bhí ann agus buíochas leis na comhaltaí Boird a bhí i láthair. Ar an Déardaoin seo caite freisin, bronnadh céimeanna ar 140 múinteoir agus ceannaire meánach ó BOOÁCDL anseo sa Cheannoifig. Téann an Clár Ceannaireachta do Mhúinteoirí agus do Mheán-Cheannaireacht i mbarr a neart gach bliain, agus cuireadh 31 tionscadal i láthair ónár scoileanna BOOÁCDL.

## **Tuarascáil an Stiúirthóra Breisoideachais agus Oiliúna**

Soláthróidh na **Coláistí BOaO in BOOÁCDL** infheictheacht agus aitheantas níos fearr don BOaO agus 'feidhmeoidh siad mar eiseamláir d'fhoghlaim phobalbhunaithe' agus cuirfidh siad athrú ar chroí agus meon shochaí na hÉireann maidir le roghanna fágála scoile agus oideachais ar feadh an tsaoil (ag obair i dtreo cothroime measa le hinstiúidí ardoideachais) Tá tús lándáiríre curtha ag BOOÁCDL lena thionscadal CoF.

Reáchtáladh roinnt ceardlann le foirne ceannaireachta BOaO chun tosaíochtaí a bhunú. Mar thoradh air sin, rinneadh scóip 3 príomhthionscadal do Choláistí BOaO i BOOÁCDL a mheas. Tá foirne tionscadail á gcur le chéile le haghaidh na bhfo-thionscadail Iontrála, Brandála agus Soláthair agus tá tús curtha le cumarsáid agus rannpháirtíocht leis an eagraíocht BOO i gcoitinne.

## **Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí (SPA) 2022 le Feidhmíocht SOLAS**

Moladh na BOO go léir as a bhfeidhmíocht in 2022 sna SPAanna ag cruinniú na Tuarascála Bliantúla ar Fheidhmíocht a reáchtáil SOLAS le déanaí. Fuair BOOÁCDL moladh ar leith ar a fheidhmíocht ó thaobh na sprice 'Skills to Compete', inar bhain siad 131% amach i sa sprioc a leagadh síos. Baineadh amach torthaí i bhfad níos airde ná na spriocanna a leagadh síos freisin sna spriocanna um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (115%), Scileanna Trasnaí (149%) agus leathnú na Rannpháirtíochta (148%). Comhlíonadh na Spriocanna do Scileanna le Dul Chun Cinn, Lítearthacht don Saol d'Aosaigh agus do Riachtanais na Príomhscileanna leis an Sprioc don Dul Chun Cinn laistigh de BOO (89%) a bhí ina laghdú beag ar an riachtanas 2022.

## **Athbhreithníodh Rialachas QA BOaO**

Tá an t-athbhreithniú rialachais a rinneadh mar chuid den Athbhreithniú Tionscnaimh curtha i gcrích anois. Mar chuid den phróiseas sin, comhaontaíodh ar Théarmaí Tagartha nua do na grúpaí rialachais a bhfuil maoirseacht acu ar cháilíocht an tsoláthair BOaO ar fud an BOOÁCDL. Tabharfaidh na grúpaí

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie

seo tuarascálacha bliantúla don Fhoireann Shinsearach Cheannaireachta ag aithint agus ag ardú réimsí riosca.

## Forbairt Ghairmiúil

D’eagraigh an t-aonad QA & PD **23 ceardlann um forbairt ghairmiúil leanúnach** agus chuir siad ar fáil ó Eanáir 2023, do 433 ball foirne BOaO iad. Ba ábhar suntais é an cheardlann 2 lá a chuir an Comhlachas Disléicse ar fáil, inar cuireadh oiliúint ar 19 ball foirne BOaO chun Tástálacha Scagtha Disléicse a riar. Tá sé beartaithe é seo a leathadh amach níos mó, ionas go mbeidh rochtain ag gach Ionad BOO ar scagairí oilte.

Tá an t-aonad QA & PD ag leanúint lena rannpháirtíocht le roinnt Institiúidí Ardoideachais, chun urraíocht a thabhairt d’fhoirne BOaO dul i mbun deiseanna forbartha gairmiúla. Comhoibriú le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath is ea an ceann is deireanaí díobh seo, chun deis urraithe a thabhairt do 7 mball foirne tabhairt faoi Theastas Iarchéime Leibhéal 9 san Uilechuimsitheacht agus san Éagsúlacht.

Fostaíodh Comhordaitheoir um Fhorbairt Ghairmiúil BOaO chun forbairt agus feidhmiú céimneach na ndeiseanna forbartha gairmiúla i seirbhísí BOaO BOOÁCDL a chur chun cinn.

### 5.1 Tuarascáil Airgeadais Tugtha ar Aird

DUBLIN & DUN LAOGHAIRE EDUCATION & TRAINING BOARD						
FINANCIAL REPORT YEAR TO DATE APRIL 2023						
Programme	Opening Grant Cash Balance	Receipts	Payments	Closing Grant Cash Balance		
	1st January 2023				30th April 2023	
TOTAL MAIN SCHEME PAY	(1,740,048)	(42,342,790)	45,832,800	1,749,962		
TOTAL MAIN SCHEME NON-PAY	(5,692,436)	(2,728,585)	4,479,438	(3,941,583)		
TOTAL ASSOCIATED MAIN SCHEME	(7,642,948)	(1,446,918)	1,303,348	(7,786,518)		
TOTAL PRIMARY SCHOOLS	(1,637,223)	(1,402,341)	652,353	(2,387,211)		
TOTAL CAPITAL	(9,029,898)	(8,334,098)	5,681,783	(11,682,213)		
TOTAL THIRD LEVEL GRANTS	(171,666)	-	-	(171,666)		
TOTAL FURTHER EDUCATION & TRAINING	(2,652,492)	(25,347,658)	26,003,478	(1,996,672)		
TOTAL YOUTH SERVICES	(1,882,853)	(4,951,612)	4,009,062	(2,825,403)		
TOTAL AGENCY	(1,203,349)	(1,710,643)	1,773,690	(1,140,302)		
TOTAL SELF-FINANCING	(8,986,597)	(1,518,052)	1,819,429	(8,685,220)		
Bank Balance	(40,639,510)	(89,782,697)	91,555,381	(38,866,826)		
DDLETB had a balance of approximately €39m in the bank account at the end of April.						
The following additional Grants to cover COVID-19 related expenditure were received from DOE and SOLAS to date. These Grants are included in Associated Main Scheme,						
Primary, Capital and Further Education & Training in the above table.						
	Opening Balance	Receipts	Payments	Closing Balance		
Assoc MS	COVID19 CLEANING SANITISER & PPE GRANT	(704,028)	(725,451)	199,275	(1,230,204)	
Primary	COVID19 CLEANING SANITISER & PPE GRANT	(126,236)	(163,216)	54,286	(235,166)	
Capital	COVID 19 MINOR WORKS GRANT	(429,117)	-	68,000	(361,117)	
FET	COVID19 Overheads	(69,282)	-	19,670	(49,612)	

## Cruinniú BOOÁCDL Bealtaine 2023 Tuarascáil ar an gClár Caipitil & Foirgneamh

### Mórhionscadail Chaipitil 2023

Scoil/Ionad	Limistéar	Nuashonrú ar Stádas
Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Iomaire na Giúise, Sráid an tSéipéil, Baile Brigín.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall	Eisíodh treoir ar Chéim 3. Foireann deartha ag obair ar an bpróiseas réamhcháiliúcháin. Réamhcháiliúcháin le críochnú ar an 17 Bealtaine. Ansin le hathbheithniú ag KSN.
Coláiste Pobail Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán.	Baile Átha Cliath Thiar Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Táillí comhaontaithe, Tionscadal anois curtha chun tairisceana do phríomhchonraitheoirí ar 8/5/2023
Coláiste Chilliaín, 96-116 Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Baile Átha Cliath Thiar Theas, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Tá an tionscadal seo á bhainistiú ag an Roinn Oideachais. Nuashonrú á iarraidh. Táthar ag céim luath de cheapachán an chonraitheora.
GS Reachrann, Bóthar Grange Abbey, Baile Átha Cliath 13.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Céim a Trí. Tairiscint. Iarratas pleanála curtha isteach arís. KSNPM mar bhainisteoirí tionscadail Cinneadh pleanála tugtha ar ais ar an 4 Bealtaine 23, Tuilleadh eolais iarrtha ag CCBÁC.
Páirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Svuít RSO faofa ag an Roinn Oideachais, Conraitheoir ceaptha. Ar an Láthair faoi láthair. Oibreacha le bheith críochnaithe sa chéad ráithe 2024.

CC Naomh Finian, Feirm an Chaisleáin, Sord	Contae Átha Cliath Thuaidh, Comhairle Contae Fhine Gall.	Iarratas ón RO ar dhá scoil ar an dá shuíomh, KSN ag obair ar tháillí chun Máistirphlean na láithreach a dhéanamh.
Iarthar na Cathrach Coláiste Pobal Fola	Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn, Iardheisceart Bhaile Átha Cliath.	Cuireadh tógáil nua, a bhí á reachtáil ag an RO do scoil nua, chun tairisceana do na príomhchonraitheoirí tógála.
Coláiste Pobail an Ghrifín.	Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath. CC Bhaile Átha Cliath Theas	Tógáil ar scoil nua. Curtha chun tairisceana do chonraitheoirí a bheith á reachtáil ag an RO.
<b>Oibreacha Samhraidh 2023</b>		
<b>Scoil/Ionad</b>	<b>Limistéar</b>	<b>Stádas an Tionscadail</b>
Coláiste Pobail Chaoimhín	Leamhcán, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Saotharlanna Eolaíochta a athfheistiú, Comhairleoir ceaptha. Conraitheoir ceaptha. Oibreacha le tosú le linn shos an tsamhraidh.
Coláiste Cois Life	Leamhcán, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Athfheistiú a dhéanamh ar 3 sheomra eolaíochta. Comhairleoir ceaptha. Conraitheoir ceaptha. Oibreacha le tosú le linn shos an tsamhraidh.
Coláiste Pobail Ráth Dara, Baile Bhlainséir Thuaidh. P.S.S. Danu	Baile Bhlainséir, Comhairle Contae Fhine Gall.	Athchur Dín Méadú suntasach ar chostas an tionscadail, ag fanacht le faomhadh an RO ar chostais agus chun tairiscint a sheoladh. Amlínte céimnithe á n-oibriú amach leis an bhfoireann deartha.

Colaiste de hÍde, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.	Baile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae BÁC Theas.	Inslíú Dín Méadú ar chostais, ag feitheamh ar cheadú an RO le dul chun cinn an samhradh seo.
---	--	--

<b>TIONSCADAIL UM CHÓIRÍOCHT SHEALADACH ar an láthair 2023</b>		
<b>Scoil/Ionad</b>	<b>Limistéar.</b>	<b>Stádas/Nuashonrú Tionscadail.</b>
Coláiste Pobail na Sceirí	Limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall	Bainisteoirí tionscadail KSNPM, Trí sheomra Ranga ginearálta. Eacnamaíocht Bhaile agus Seomra Ranga Ealaíne. Ceapadh foireann deartha.
P.S.N. an Mhóinéir Leathain	Sord, Comhairle Contae Fhine Gall.	Tionscadal comhaontaithe agus faoi chúram BOOÁCDL agus KSN, chun go mbeidh Seomraí Ranga ar an láthair i Meán Fómhair 2023.
Coláiste Pobail na Gráinsí & Gaelcholáiste Reachrann	Bóthar Mhainistir na Gráinsí, Domhnach Míde.	An tionscadal á bhainistiú ag KSNPM. 3 Sheomra Ranga, 1 Seomra d'Eacnamaíocht Bhaile. Le bheith críochnaithe i mí an Mheithimh 2023.



Coláiste Pobail Bhaile Brigín	Tuaisceart an Chontae, CC Fhine Gall.	Críochnaithe agus tugtha ar láimh.
Coláiste Pobail an Ghrifín Síneadh Sealadach.	Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath. CC Bhaile Átha Cliath Theas	Críochnaithe agus tugtha ar láimh agus in úsáid ag an Scoil.
PSN Thamhlachta, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.	CC Bhaile Átha Cliath Theas	Dhá Seomra Ranga RSO, le críochnú ar an láthair ag an RO Meán Fómhair 2023. Tuilleadh cóiríochta breise le comhaontú.

**Ionaid Breisoideachas agus Oiliúna: Tionscadail atá á bPleanáil agus Dul Chun Cinn 2023.**

Ionad Oiliúna Thamhlachta, Bóthar Bhaile an Chócaigh, Tamhlacht	Tamhlacht, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	1) Ceardlann Phrintíseachta Leictreach a uasghrádú. Ar siúl 2) Oibreacha Éigeandála Sláinte agus Sábháilteachta, chun oibreacha feabhais móra a dhéanamh ar an bpríomhstruchtúr. Ag dul trí cheaduithe.
Ionad Oiliúna Bhaile Dúill, Baile Dúill, Baile Átha Cliath 13	Baile Dúill, Comhairle Contae Fhine Gall	Uasghrádú do Cheardlanna Printíseachta Leictrí. Críochnaithe.
Oideachas Aosach agus	Bóthar na Mainistreach, Leamhcán.	Mar chuid den chiste bonneagair straitéisigh,

Ógtheagmháil Chluain Dolcáin		moladh síneadh nua. Ag dul trí chéimeanna ceadaithe.
Coláiste Pobail na gCnoc Ghlas, Ascaill na Tiníleach, Baile Átha Cliath 24.	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Athchur díon, ar siúl agus beagnach críochnaithe

### Ábhar Réadmhaoine: Bealtaine 2023.

Ionad Baile Dhún Droma, Aonad 2.	Léas imithe in éag ó 2017	Léas réidh le síníú.
Teach Mangan , Maigh Eo	Ní mór tailte a aistriú ar ais chuig BOOÁC DL. An réadmhaoin fós faoi árachas ag BOOÁC DL.	Tá maoiniú faighte againn ón Atur nae a bhí ann roimhe seo. Measúnú ar bun leis an Atur nae.
Halla Spóirt Dhomhn ach Bat agus Páirc imeartha uile aimsire.	Níl aon chomhaontú foirmiúil ann os cionn 10 mbliana d'aois ar ár gcuid úsáide. Tá an cíos atá á ghearradh ar an halla ró-ard. Todhchaí na páirce imeartha le cinneadh.	Léas ag céimean na deiridh, réidh le síníú le CCF ag deireadh na Bealtaine 2023

		Tairiscint nua tugtha le haghaidh cíós halla.
Doiciméad Beartais: Idirbhearta talún in BOOBÁC.	Á gcur le chéile lenár n-atairne. Léas Faisnéise/Ceadúnas/MOU/Pátrúnacht/SLA/campas roinnte/Socruithe grúpaí úsáideoirí tríú páirtí.	Táthar ag obair air seo anois trí BOOÉ agus tá doiciméad le glacadh le haghaidh gach BOO. Tá BOOÁCD L ag obair ar an gcoiste seo.
Aonad Bhaile Dúill, Aonad Satailíte do TC Bhaile Dúill	Ag fágáil léas, tabhair faoi deara gurb é seo an chéad éalú ón an Léas Dlíthiúil.	Ag leanúint ar aghaidh idir Atirneat ha, Trochlaith e á n-idirbhearta tú.

*Foinse na Tuarascála: Treacy Byrne Príomhoifigeach Cúnta um Riarachán Foirgnimh Agus Réadmhaoine.*

*Ross Lynam Príomhoifigeach Cúnta um Riarachán Foirgnimh Agus Réadmhaoine.*

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie

### **5.3 Nuashonruithe ar Phróifílí na Foirne – Tugtha ar Aird**

Ceapacháin & Arduithe Céime

Daoine ag dul ar scor

### **5.4 Clár Rioscaí: Tugtha ar aird**

### **5.5 Polasaithe: Tugtha ar aird**

## **6. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an mBord**

Ar aon dul le Buanorduithe

Thug an Feidhmeannas aghaidh ar cheist i scríbhinn ó chomhalta boird maidir le leibhéal na Gaeilge.

- Litir éirí as ó bhord bainistíochta an BOO ón gComhairleoir Una Power - **Tugadh ar aird**

Logchuntas gníomhartha

## **7. An chéad chruinniú eile: 15 Bealtaine 2023.**